C/2025/6764

22.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12205 — UMICORE / HSAM / EMM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6764)

1. An 11 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Extra Mile Materials BV ('EMM', an Bheilg), faoi rialú Umicore SA/NV ('Umicore', an Bheilg),

— HS Hyosung Advanced Materials Corporation ('HSAM', an Chóiré Theas), faoi rialú HS Hyosung Corporation (an Chóiré Theas), arb é Hyun-sang Cho a scairshealbhóir rialaithe.

Gheobhaidh Umicore agus HSAM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar EMM.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Umicore máthairchuideachta grúpa cuideachtaí a sholáthraíonn ábhair ceallraí, catalaígh, ábhair speisialtachta, agus seirbhísí athchúrsála,

— Soláthraíonn HSAM cordaí boinn agus snáthanna le haghaidh criosanna sábhála mótarfheithiclí, snáthanna agus fabraicí tionsclaíocha, réitigh IS agus bonneagair sonraí, réitigh lóistíochta do gach cineál lasta, agus is é déileálaí Mercedes-Benz sa Chóiré Theas é,

— Tá EMM gníomhach i bhforbairt, monarú tráchtála agus díol (táirgí samplacha amháin faoi láthair) ábhar comhchodach anóide sileacain-carbóin ('Si/C') lena n-úsáid agus lena gcur i bhfeidhm mar ábhair ghníomhacha ceallraí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12205 — UMICORE / HSAM / EMM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË